www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2015–2016

# Eolaíocht: Teastas Singil

Aonad 1 (Bitheolaíocht)
Bonnsraith

**[GSS11]**

*GSS11*

**DÉ MÁIRT 17 BEALTAINE 2016, IARNÓIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch gorm nó le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **naoi** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **9**.

10743.03

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

www.xtrapapers.com

1 (a) Taispeánann an tábla thíos roinnt cineálacha bia agus na feidhmeanna acu. Comhlánaigh an tábla.

Roghnaigh ó:

**iarann : fás agus deisiú : cailciam**

**carbaihiodráit : coisceann iatacht**

| Cineál bia | Feidhm sa chorp |
|---|---|
| | tugann fuinneamh dúinn |
| próitéin | |
| | faoi choinne fiacla agus cnámha láidre |

[3]

(b) Anseo thíos tugtar dhá neamhord itheacháin agus cur síos orthu. Bain úsáid as línte le gach neamhord itheacháin a nascadh lena chur síos.

| Neamhord itheacháin | Cur síos |
|---|---|
| | itheann siad an oiread sin go n-éiríonn siad murtallach |
| anoireicse | |
| | bíonn babhta itheacháin dosmachtaithe acu agus cuireann siad aníos ansin d'aon ghnó |
| búilime | |
| | itheann siad fíorbheagán agus cailleann siad meáchan |

[2]

[Tiontaigh an leathanach

www.xtrapapers.com

**2** **(a)** Taispeánann an grianghraf thíos roinnt plandaí pónairí ag fás i bpota.



*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

Comhlánaigh na habairtí thíos.

Roghnaigh ó:

**riospráid** **uisce** **fótatrópacht** **tsolais** **teas**

Tá na plandaí ag cromadh i dtreo an ______________________________.

Is é an t-ainm a thugtar ar an phróiseas seo i bplandaí

ná ______________________________. [2]

**(b)** Is próiseas eile i bplandaí í fótaisintéis.

**(i)** Comhlánaigh an chothromóid don fhótaisintéis.

uisce + ______________________ → stáirse + ______________________ [2]

www.xtrapapers.com

**(ii)** Sa liosta thíos tugtar na céimeanna le tástáil a dhéanamh faoi choinne stáirse i nduilleog ach **níl** siad san ord cheart.

**A** Cuir an duilleog ghlas in eatánól (alcól) atá ar fiuchadh

**B** Cuir iaidín leis an duilleog

**C** Bain duilleog den phlanda agus cuir in uisce atá ar fiuchadh í go ceann 30 soicind

**D** Spréigh an duilleog ar thíl bhán

**E** Tum an duilleog in uisce atá ar fiuchadh le go n-éireoidh sí bog

Cuir na céimeanna **A**, **B**, **C**, **D** agus **E** san ord cheart.
Tá an chéad cheann déanta duit.

C → ______ → ______ → ______ → ______ [2]

**(iii)** Mínigh ina iomláine cad chuige a ndéantar an duilleog a fhiuchadh in eatánól.


______

______

______ [2]

www.xtrapapers.com

**3** **(a)** Taispeánann an léaráid thíos turgnamh lena fháil amach an miocrorgánaigh is cúis le héilliú bia.




*Foinse: CCEA*

**(i)** Comhlánaigh an bosca sa léaráid thuas le cur síos a dhéanamh ar cad é a tharlaíonn don anraith i bhfleascán **B**. [1]

www.xtrapapers.com

**(ii)** Mínigh an toradh do fhleascán **A**.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(iii)** Ainmnigh an t-eolaí a rinne turgnamh comhchosúil.

______________________ [1]

**(b)** Is iomaí cosaint nádúrtha ar ghalair atá ag an chorp againn. Cuir síos ar an dóigh a gcuidíonn seicní múcasacha sa tsrón le cosaint in éadan galar sna daoine.

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________ [2]

[Tiontaigh an leathanach

www.xtrapapers.com

**4** Ólann cuid mhór daoine óga níos mó ná an méid molta alcóil.

**(a)** Rinneadh an líon aonaid alcóil a d'ól beirt fhear 20 bliain d'aois thar thréimhse cheithre lá a thaifeadadh. Taispeántar na torthaí sa ghraf thíos.




**(i)** Ríomh cá mhéad a d'ól Tony thar na ceithre lá.

_______________ aonad [1]

**(ii)** Mínigh cad chuige ar féidir cur síos ar Liam mar 'óltóir ragúis'.

_______________

_______________ [1]

www.xtrapapers.com

**(b)** Cuir síos ar dhóigh amháin ar féidir le hólachán alcóil de bharraíocht dochar a dhéanamh don **tsochaí**.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(c)** Seachas staonadh ar fad a dhéanamh ar ólachán alcóil, luaigh **dhá** dhóigh a bhféadfadh duine an t-iontógáil alcóil aige nó aici a laghdú.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

5 Taispeánann an tábla thíos líonta na ndaoine atá á ndiagnóisiú le diaibéiteas Chineál 1 agus Chineál 2 i mbaile mór thar thréimhse fiche bliain.

| **Bliain** | **Líon othar diagnóisithe le diaibéiteas** | |
|---|---|---|
| | **Cineál 1** | **Cineál 2** |
| **1996 – 2000** | 9 | 87 |
| **2001 – 2005** | 12 | 100 |
| **2006 – 2010** | 18 | 125 |
| **2011 – 2015** | 26 | 161 |

**(a)** Tá líon na n-othar a bhíonn diagnóisithe le diaibéiteas Chineál 1 ag méadú le himeacht aimsire. Luaigh **dhá** threocht eile atá taispeánta ag an fhaisnéis seo.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

**(b)** Seachas líon na n-othar, luaigh difríocht **amháin** idir diaibéiteas Chineál 1 agus diaibéiteas Chineál 2.

______________________________

______________________________ [1]

**(c)** Luaigh éifeacht (aimhréidh) fhadtréimhseach **amháin** a bhaineann le diaibéiteas.

______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**


www.xtrapapers.com

**6 (a)** Thig le daoine ceachtar acu a dteanga a rolladh nó gan í a rolladh.

**(i)** Ainmnigh an cineál éagsúlachta atá á thaispeáint ag rolladh teanga.

_______________________________________ [1]

**(ii)** I rang a bhfuil 20 dalta ann, ní thig ach le 11 a dteanga a rolladh.
An fhaisnéis seo in úsáid agat, comhlánaigh an bharrachairt thíos.




[2]

www.xtrapapers.com

**(b)** Tá difríochtaí idir daoine ann, den chuid is mó, mar gheall ar dhifríochtaí sna géinte acu.

Mar shampla, is riocht géiniteach í fiobróis chisteach. Tá an ailléil normalach **(F)** ceannasach ar an ailléil **(f)** ar cúis í le fiobróis chisteach.

**(i)** Comhlánaigh an chearnóg Punnett lena thaispeáint cad é mar is féidir le hathair leis an ghéinitíopa **(Ff)** agus máthair leis an ghéinitíopa **(ff)** páistí a bheith acu le fiobróis chisteach.

athair

máthair

| | | |
|---|---|---|
| | F | |
| | | |
| f | | ff |

[2]

**(ii)** Ciorclaigh an géinitíopa (na géinitíopaí) sa chearnóg Punnett a thaispeánann sliocht le fiobróis chisteach. [1]

[Tiontaigh an leathanach

www.xtrapapers.com

7 Is sampla é róslabhras de speiceas iomaíoch ionrach i dTuaisceart Éireann.

**(a)** Luaigh **dhá** ghné atá ag 'speicis iomaíocha ionracha' i gcoitianta lena chéile.


1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Taispeánann an graf thíos cad é mar a d'athraigh líon na dtom róslabhras thar thréimhse 40 bliain i limistéar fraochmhá.



www.xtrapapers.com

**(i)** Ríomh cá mhéad tom róslabhras a baineadh ar shiúl sa bhliain 1995.

(Taispeáin do chuid oibre.)

_______________ [2]

**(ii)** Ríomh céatadán na dtom nár baineadh ar shiúl sa bhliain 1995.

_______________ % [1]


**(iii)** Tuar cá mhéad tom róslabhras a bheadh ann sa bhliain 2010 mura mbainfí aon toim ar shiúl.

_______________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**(c)** Léiríonn an léaráid thíos tom róslabhras.




*© Chief Examiner*

An fhaisnéis atá curtha ar fáil agus do chuid eolais in úsáid agat, freagair na ceisteanna seo a leanas.

**(i)** Luaigh an éifeacht a bhíonn ag tom róslabhras ar speicis eile plandaí a bhíonn ag fás gar dó. Mínigh do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(ii)** Luaigh an éifeacht ar bhithéagsúlacht, má tá éifeacht ar bith ann, sa fhraochmhá a bhainfidh leis na toim róslabhras a bhaint ar shiúl.

______________________________________________ [1]

**(d)** Ainmnigh speiceas iomaíoch ionrach **amháin** eile.

______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**8** **(a)** Tá líon mór tréithchineálacha (sóirt) víris ann ar cúis iad le fliú. Sónn víris fliú go furasta le líon mór tréithchineálacha víris nua a dhéanamh ar cúis iad le fliú.

**(i)** Mínigh an téarma 'sóchán'.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Faigheann líon mór daoine sa RA (*UK*) vacsaíniú fliú gach bliain.

**(ii)** Cuir síos ina iomláine ar cad é atá i vacsaíniú fliú.


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

Taispeánann an graf thíos éifeacht vacsaíniú fliú ar leibhéal antasubstainte duine.




Agus iad i mbun vacsaíniú fliú a fhorbairt i mbliain ar leith ar bith, caithfidh eolaithe an tréithchineál víris a thuar (a mheas) is dócha a dhéanfaidh an líon is mó daoine a ionfhabhtú. Ansin forbraíonn siad an vacsaíniú fliú in éadan an tréithchineáil ar leith seo.

An fhaisnéis atá curtha ar fáil in úsáid agat, freagair na ceisteanna thíos.

**(iii)** Úsáid an graf lena mhíniú cad chuige a bhfaigheann daoine vacsaíniú fliú i bhfad sula mbeifí ag dúil le hiad a bheith ionfhabhtaithe ag víreas fliú.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

**(iv)** Luaigh cad chuige a dtagann an fliú ar roinnt daoine go fóill, líon mór míonna i ndiaidh dóibh vacsaíniú fliú a fháil.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**(b)** Déanann an tsreabhchairt thíos achoimre ar an dóigh ar athraigh líon na bpáistí a bhíodh á vacsaíniú faoi choinne BPR (*MMR*) ó bhí 1990 ann.

**1990** – tuairim is 90% de pháistí vacsaínithe

↓

**1998** – thug roinnt taighde le fios go raibh nasc ann idir vacsaíniú BPR (*MMR*) agus uathachas

↓

**1998 go 2003** – titeann líonta atá á vacsaíniú go dtí 80%

↓

**2007** – filleann líonta ar leibhéil 1990.
Tá an nasc le huathachas bréagnaithe

↓

**2015** – tuairim is 95% de pháistí vacsaínithe faoi choinne BPR (*MMR*)

**(i)** Cuir síos ina iomláine ar an treocht sa líon páistí a bhíodh á vacsaíniú faoi choinne BPR (*MMR*) idir **2003 agus 2015**. Bain úsáid as sonraí ón tsreabhchairt le tacú le do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Luaigh cad chuige a bhfuil roinnt tuismitheoirí ann go fóill nach ligeann dá gcuid páistí a bheith vacsaínithe faoi choinne BPR (*MMR*).


______________________________________________

______________________________________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**9** Is féidir an fearas a thaispeántar sa léaráid a úsáid leis an fhuinneamh a scaoiltear ó bhianna difriúla a chur i gcomparáid lena chéile.




*© Principal Examiner*

Cuir síos ar an dóigh a gcuirfeá an méid fuinnimh a scaoiltear ó bhriosca i gcomparáid leis an méid fuinnimh a scaoiltear ó arán.

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra:

- **dhá** athróg atá le rialú leis an imscrúdú a dhéanamh cothrom
- fáth **amháin** ar dócha go mbeidh na torthaí a fhaightear níos lú ná méid iarbhír an fhuinnimh sna bianna

**Sa cheist seo measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat lena n-áirítear úsáid saintéarmaí eolaíocha.**

www.xtrapapers.com

[6]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

www.xtrapapers.com

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| Marc Iomlán | |

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.